Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 38

# Sláinte

# Réamhra

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte agus maidir le seirbhísí áirithe eile a chuir an Oifig sin ar fáil, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas de €4.919 milliún faoi dhliteanas le géilleadh suas don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ullmhaíodh an cuntas de réir Mheastachán Athbhreithnithe 2019 don Roinn Sláinte. Rinneadh athstruchtúrú ar fhotheidil áirithe FSS d'fhonn an nasc idir cur i láthair na meastachán agus plean seirbhíse náisiúnta FSS a fheabhsú.

Léiríonn glanchostais phinsin faoi fhotheideal I costais iomlána pinsin glan ar ioncam pinsin arna choinneáil ag FSS. Tagann sé in áit na n-íocaíochtaí cnapshuime pinsin faoin bhfotheideal roimhe seo nach raibh iontu ach íocaíochtaí cnapshuime pinsin reachtúla. Tugadh cuntas roimhe seo ar gach costas pinsin eile faoi fhotheidil gheografacha FSS (I1 go I5 in 2018). Níor ath-luadh an figiúr comparáideach olltoraidh do 2018.

Tagann Fotheideal J FSS (lena n-áirítear forbairtí seirbhísí) in ionad na bhfotheideal geografach FSS roimhe seo. Baineann an caiteachas a ghearrtar ar an bhfotheideal seo le caiteachas ag réimsí seirbhíse FSS mar atá leagtha amach i bplean seirbhíse náisiúnta FSS, cé is moite de na scéimeanna aisíocaíochta cúraim phríomhúil agus cúram cónaithe fadtéarmach. Is é atá san fhigiúr comparáideach toraidh do 2018 ná cónascadh d'fhotheidil gheografacha FSS roimhe seo.

## Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh na gcuntas leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an chuntais, cé is moite den mhéid seo a leanas;

***Íocaíochtaí le FSS***

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig FSS maidir le seirbhísí a sholáthar ar bhonn deontais, de réir an mhaoinithe a leagtar amach sa litir chinnidh bhliantúil a eisítear chuig FSS ag leagan a leibhéil chaiteachais cheadaithe amach. Gearradh an méid iomlán a íocadh le FSS i gcoinne na bhfotheideal ábhartha. B'ionann an maoiniú deontais a íocadh le FSS in 2019 agus €17.15 billiún (2018: €15.72 billiún). Tugtar cuntas air seo ar fud 12 fhotheideal — gach fotheideal ó I go M.4, seachas M.1 a bhaineann le caiteachas caipitil ghníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne seachas FSS.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas ar bith um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtaí is atá sé.

***Seirbhísí comhroinnte***

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18).

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe leibhéal seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhís chomhroinnte a sholáthar (e.g. AD). Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Mar seo a leanas atá an seasamh i dtaca leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag dul leis sin.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal mar a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta.
- Bunaíodh nósanna imeacha foirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil arna gcoinneáil faoi athbhreithniú ag an bhainistíocht shinsearach
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar na tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann don rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

***Comhlíonadh soláthair***

Bhí trí chonradh dar luach €413,321 san áireamh i mo thuairisceán bliantúil i leith ciorclán 40/2002 nach raibh ag teacht le treoirlínte soláthair.

- Bhain conradh amháin le haghaidh €76,646 le seirbhísí soghluaiste agus teileafónaíochta áit a rabhthas ag súil leis go gcuirfí comhaontú nua de bharr tairisceana iomaíche i gcrích in 2019. Ar an drochuair, cuireadh moill ar an gcomórtas tairisceana seo. Tá an próiseas tairisceana nua críochnaithe anois agus tá an conradh á thabhairt chun críche faoi láthair. Tá plean aistrithe comhaontaithe anois leis an tairgeoir rathúil agus cuirfear tús leis an tseirbhís nua ó lár mhí Dheireadh Fómhair 2020.
- Bhain caiteachas de €26,224 le seirbhísí aistriúcháin. Tugadh faoi chomórtas tairisceana agus tá conradh don tseirbhís tiomnaithe aistriúcháin seo i bhfeidhm.
- Bhain conradh dar luach €310,451 le seirbhísí leictreachais a cuireadh ar fáil i *Miesian Plaza*. Tá an Roinn sínithe anois faoi chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais maidir le "soláthar leictreachais do Ranna Rialtais agus don Earnáil Slándála", sa chaoi go bhfuil an réimse caiteachais seo comhlíontach anois. Le tabhairt ar aird: Is speansas tionóntachta comhroinnte é seo agus b'ionann an cion a gearradh ar an Roinn Sláinte agus €182,731. Ghnóthaigh an Roinn €88,696 ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus €39,024 ón Roinn Airgeadais/ An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn ina bhfuil foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agam. Tá obair na feidhme sin bunaithe ar anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánacha, a cheadaímse, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go dtarlaíonn gníomh leantach mar thoradh ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, agus leis an gcóras sin sainaithnítear agus déantar tuairisiú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le dul I ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá fochoiste riosca den Bhord Bainistíochta i bhfeidhm agus tuairiscíonn sé don Bhord Bainistíochta. Rinneadh an beartas bainistíochta riosca a athbhreithniú i mí Feabhra 2019.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí a gcaithfidh an Roinn aghaidh a thabhairt orthu, agus sainaithníodh na rioscaí sin agus rinneadh measúnú agus grádú orthu de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déanann an bord bainistíochta agus a fhochoiste riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár.

Leagtar amach sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú na mbearta rialaithe sin do bhaill shonracha den fhoireann.

***Rialachas san earnáil sláinte***

Lean an Roinn ag neartú a cur chuige maidir le rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála sláinte in 2019, bunaithe ar an *gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go déanach in 2016. Déanann na haonaid ainmnithe laistigh den Roinn maoirseacht ar chomhlachtaí aegis faoi stiúir leibhéal an Phríomhoifigigh le hionchur agus tacaíocht ó Aonad Rialachais na Roinne agus aonaid ábhartha eile.

Ar an gcéad dul síos tá gach Bord, agus Cathaoirleach an Bhoird, freagrach as sainordú agus feidhmeanna comhlachtaí aegis a chomhlíonadh.

Cinntear an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí faoina coimirce go príomha

- ag an reachtaíocht bhunúsach lena mbunaítear an comhlacht; agus
- ag na ceanglais atá leagtha amach i gCód Cleachtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoin gCód Cleachtais athbhreithnithe, bhí comhaontuithe maoirseachta agus comhaontuithe seachadta feidhmíochta i bhfeidhm le mórchuid na gcomhlachtaí aegis amhail Nollaig 2019. Díríonn an cur chuige seo ar aschuir agus ar thorthaí agus tá táscairí feidhmíochta ann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar.

Ullmhaíonn FSS plean corparáideach a chlúdaíonn tréimhse trí bliana agus ceadaíonn an tAire Sláinte é. Ina theannta sin, ullmhaíonn FSS plean seirbhíse náisiúnta gach bliain ina leagtar amach cineál agus méid na seirbhísí atá beartaithe aici a sholáthar don mhaoiniú atá ar fáil. Ceadaíonn an tAire Sláinte an plean seo. Cuireann FSS tuarascálacha feidhmíochta isteach gach mí ar a laghad i rith na bliana, agus bíonn cruinnithe míosúla idir an dá eagraíocht.

Maidir le comhlachtaí aegis eile, de ghnáth foráiltear le reachtaíocht do phlean corparáideach ilbhliantúil agus do phlean gnó bliantúil. De bharr na bpleananna seo, bítear in ann an straitéis chorparáideach fhoriomlán agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú faoi seach leis an Roinn.

***Faireachán agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don bhord bainistíochta in am cuí, i gcásanna ábhartha. Dearbhaím gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar feidhmiú na bpriomhrialuithe sin agus chun tuairisciú a dhéanamh faoi aon easnamh a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá faireachán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánachh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí sa Roinn le freagracht as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

I mí Iúil 2020, d'aithin an Roinn íocaíocht dhúblach de €20,000 faoin scéim ex-gratia um neamhnochtadh *CervicalCheck* . Tharla an íocaíocht in 2019 mar thoradh ar mhainneachtain rialaithe. Tá nósanna imeachta feabhsaithe maidir le rialuithe íocaíochta curtha i bhfeidhm agus beidh athbhreithniú seachtrach ar an bhfeidhm críochnaithe faoi dheireadh 2020.

**Colm O'Reardon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

22 Meán Fómhair 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 38 Sláinte

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d’Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d’ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Sláinte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2020

## Vóta 38 Sláinte

## Cuntas Leithreasa 2019

| Seirbhís | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais | | 32,692 | 31,493 | 30,083 |
| A.2 | Taisteal agus cothú | | 500 | 567 | 487 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 1,550 | 1,826 | 1,646 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 450 | 229 | 418 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 2,223 | 1,810 | 2,600 |
| A.6 | Costais áitribh oifige | | 754 | 1,094 | 1,472 |
| A.7 | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 1,500 | 910 | 1,409 |
| **Deontais** | | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile | | 40,000 | 38,927 | 38,286 |
| B.2 | Ciste Éire Shláintiúil | | 5,000 | 6,186 | 4,995 |
| B.3 | Tionscnamh Drugaí | | 6,987 | 5,955 | 6,102 |
| **Seirbhísí eile** | | | | | |
| C | Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile | | 2,450 | 2,353 | 2,313 |
| D | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,600 | | | |
| | *Forlíontach* | 15,000 | | | |
| | | | 24,600 | 29,722 | 11,496 |
| E.1 | Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | | 78,514 | 64,618 | 58,241 |
| E.2 | An Bord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia | | 5,691 | 5,386 | 5,335 |
| E.3 | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | | 75,022 | 75,000 | 55,022 |
| E.4 | INTERREG Éire / Tuaisceart Éireann | | 1,000 | 2,148 | 525 |
| F.1 | Íocaíochtaí i leith míchumais de bharr Tailidimíde | | 745 | 439 | 457 |

| Seirbhís | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí eile (ar lean.)** | | | | | |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine a mhaíonn go ndearna vacsaíniú damáiste dóibh | | 1 | — | — |
| F.3 | Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Adlt 10 d'Achtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | | 22,086 | 16,023 | 16,873 |
| F.4 | Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 d'Achtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | | 3,549 | 1,721 | 2,424 |
| G | Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a leathadh maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim sláinte | | 1,500 | 1,773 | 1,340 |
| H | *Sláintecare* | | 23,500 | 11,013 | — |
| **Riarachán Corparáideach** | | | | | |
| I | Glanchostais phinsin | | | | |
| | *Bunaidh* | 490,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 24,000 | | | |
| | | | 514,000 | 536,452 | — |
| | Íocaíochtaí cnapshuime pinsin | | — | — | 108,676 |
| **Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh FSS** | | | | | |
| J | FSS (forbairtí seirbhísí san áireamh) | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,102,974 | | | |
| | *Forlíontach* | 144,055 | | | |
| | | | 11,247,029 | 11,271,467 | 10,780,768 |
| **Seirbhísí FSS eile** | | | | | |
| K.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirt-mhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 7,513 | 1,879 | — |
| K.2 | Íocaíochtaí leis an gCuntas Speisialta - An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 | | 2,000 | 501 | — |
| K.3 | Íocaíocht le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndail le Heipitíteas C (Leasú) 2006 — Scéim Árachais | | 1,500 | 620 | 871 |

| Seirbhís | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí FSS eile (ar lean.)** | | | | | |
| K.4 | Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | | | |
| | *Bunaidh* | 360,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | 370,000 | 390,000 | 318,690 |
| K.5 | Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin) | | 2,700 | 2,450 | 2,619 |
| **Clár Cúraim** | | | | | |
| L.1 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,990,888 | | | |
| | *Forlíontach* | 157,000 | | | |
| | | | 3,147,888 | 3,150,774 | 2,938,147 |
| L.2 | Cúram cónaithe fadtéarmach | | | | |
| | *Bunaidh* | 965,844 | | | |
| | *Forlíontach* | 33,000 | | | |
| | | | 998,844 | 989,881 | 967,463 |
| **Seirbhísí Caipitil** | | | | | |
| M.1 | Deontais maidir le tógáil, trealmhú (TFC san áireamh) | | 14,527 | 10,924 | 11,729 |
| M.2 | Áiseanna sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú | | 639,461 | 593,423 | 438,471 |
| M.3 | Áiseanna sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú (páirt-mhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 2,539 | — | 2,539 |
| M.4 | Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | | 212,000 | 211,690 | 163,292 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 17,107,260 | | | |
| | *Forlíontach* | 383,055 | | | |
| | | | **17,490,315** | **17,459,254** | **15,974,789** |
| | *Lúide* | | | | |
| N | **Leithreasaí-i-gCabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 415,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 45,000 | | | |
| | | | **460,000** | **463,858** | **452,348** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 16,692,260 | | | |
| | *Forlíontach* | 338,055 | | | |
| | | | **17,030,315** | **16,995,396** | **15,522,441** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn le caitheamh sa bhliain ina dhiaidh. Tugadh €30 milliún de leithdháiltí nár caitheadh i leith eilimintí caipitil d'fhotheideal M.2 ar aghaidh go dtí 2020.

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 34,918,785 | 4,468,158 |
| Géilleadh iarchurtha | (30,000,000) | — |
| **Barrachas le géilleadh** | **4,918,785** | **4,468,158** |

**Colm O'Reardon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

22 Meán Fómhair 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar riarachán na Roinne | | 37,929 | 38,115 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 17,421,325 | 15,936,674 |
| **Ollchaiteachas** | | **17,459,254** | **15,974,789** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gCabhair** | | **463,858** | **452,348** |
| **Glanchaiteachas** | | **16,995,396** | **15,522,441** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (121) | | |
| Dímheas | 208 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | — | 87 | (590) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 693 | | |
| Laghdú ar stoc | 20 | 713 | (246) |
| **Caiteachas díreach** | | **16,996,196** | **15,521,605** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 19,492 | 21,954 |
| Meánchíosanna | | — | 2,104 |
| **Glanchostas an chláir** | | **17,015,688** | **15,545,663** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 38 a iompraíodh in áiteanna eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte arna gcionroinnt ar vótaí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 38 | 233 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | 10,112 | 9,599 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 9,030 | 11,745 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 52 | 121 |
| Lárchiste - Pinsin Aireachta | | 260 | 256 |
| | | **19,492** | **21,954** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 824 | 911 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 24,979 | — |
| Stoic | 2.3 | 16 | 36 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 1,450 | 19,574 |
| Réamhíocaíochtaí | | 313 | 377 |
| Ioncam fabhraithe | | 205 | 156 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.6 | — | 2,147 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 26,963 | 22,290 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Rótharraingt bhainc | 2.2 | — | 21,212 |
| Speansais fhabhraithe | | 1,315 | 637 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 975 | 509 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.6 | 25,454 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 27,744 | 22,358 |
| **Glansócmhainní/(dliteanais) reatha** | | (781) | (68) |
| **Glansócmhainní** | | **43** | **843** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.7 | **43** | **843** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 706 | 447 | 1,153 |
| Breiseanna | 118 | 3 | 121 |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2019 | 824 | 450 | 1,274 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid oscailte ag 1 Eanáir 2019 | 197 | 45 | 242 |
| Dímheas don bhliain | 163 | 45 | 208 |
| Dímheas carnach an 31 Nollaig 2019 | 360 | 90 | 450 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2019** | **464** | **360** | **824** |
| Glansócmhainní an 31 Nollaig 2018 | 509 | 402 | 911 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 24,434 | (21,212) |
| Iarmhéideanna cuntas bainc eile | 545 | — |
| | **24,979** | **(21,212)** |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 11 | 8 |
| Tomhaltáin TF | 5 | 28 |
| | **16** | **36** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-aisíoctha | 39 | 77 |
| Caiteachas taistil in-aisíoctha | 12 | 5 |
| Caiteachas scéime pas taistil in-aisíoctha | 187 | 70 |
| An Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C [a] | 1,206 | 18,062 |
| Deontas FSS | — | 871 |
| Cáin bhreisluacha | 1 | — |
| Míreanna fionraí dochair eile | 5 | 489 |
| | **1,450** | **19,574** |

Nóta [a] Feidhmíonn an Roinn Sláinte mar ghníomhaire íocaíochta don Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus tá sí freagrach as dámhachtainí binse agus dámhachtainí cúitimh a íoc agus as costais riaracháin agus dlí an Bhinse a íoc. Forchúitítear an caiteachas ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Cúitimh de bhun na dtuairisceán caiteachais arna ndeimhniú ag Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte agus seoltar chuig an Roinn Airgeadais é lena cheadú.

Léiríonn an t-iarmhéid ag deireadh na bliana ar an gcuntas fionraí costais arna n-urscaoileadh ag an Roinn Sláinte i leith an Bhinse nach bhfuil maoiniú le fáil fós ón gCiste Cuntas Speisialta agus Cúitimh ina leith.

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 73 | 71 |
| | 73 | 71 |
| Cuntas Speisialta RISF [a] | 429 | — |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 473 | 438 |
| | **975** | **509** |

Nóta [a] Fuarthas ranníocaíocht €429,000 i mí na Nollag 2019 de réir Alt 43 den Acht um Chiste Reachtúil Institiúidí Cónaithe 2012. Níl an ranníocaíocht seo le húsáid ach chun críocha a bhaineann le hospidéal péidiatraice náisiúnta nua a fhorbairt. Cuireadh an ranníocaíocht i gcuntas coinneála speisialta.

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 4,919 | 4,468 |
| Géilleadh iarchurtha | 30,000 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingníodh | (9,465) | (6,615) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | 25,454 | **(2,147)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 24,979 | — |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,450 | 19,574 |
| | 26,429 | 19,574 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (73) | (71) |
| Rótharraingt bhainc | — | (21,212) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (902) | (438) |
| | (975) | (21,721) |
| | **25,454** | **(2,147)** |

## 2.7 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | 843 | 7 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 17,030,315 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (30,000) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (4,919) | | |
| Glanvóta | | | 16,995,396 | 15,522,441 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 19,492 | 21,954 |
| Caiteachas neamhairgid - cíos barúlach | 1 | | — | 2,104 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (17,015,688) | (15,545,663) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **43** | **843** |

## 2.8 Tiomantais

**a) Tiomantais dhomhanda**

| ag 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 2,520 | 1,739 |
| Cláir dheontas neamhchaipitil | 30,530 | 8,912 |
| Cláir dheontas caipitil | 32,909 | 28,619 |
| **Iomlán na ngealltanas atá infheidhmithe go dlíthiúil** | **65,959** | **39,270** |

| **b) Cláir deontais neamhchaipitil** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 8,912 | 5,664 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (8,820) | (5,640) |
| Gealltanais nua deontais | 30,530 | 8,912 |
| Deontais curtha ar ceal | (92) | (24) |
| Iarmhéid deiridh | **30,530** | **8,912** |

| **c) Cláir dheontas caipitil** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 28,619 | 18,835 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (8,566) | (10,000) |
| Gealltanais nua deontais | 18,995 | 19,784 |
| Deontais curtha ar ceal | (6,139) | — |
| Iarmhéid deiridh | **32,909** | **28,619** |

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt éileamh a bhaineann le himeachtaí dlí a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Rinne an Roinn íocaíocht de €575,000 i mBealtaine 2020 tar éis breithiúnais ón gCúirt Uachtarach i gcás dlí *CervicalCheck*, ag comhlíonadh an dliteanais a tabhaíodh go hiomlán. Bhí sé seo de bhun litir chompoird a eisíodh thar ceann an Aire le ceadú an Rialtais in 2019, maidir le damáistí a bhronn an Ard-Chúirt in 2019.

## 2.10 Féichiúnaí FSS

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Dliteanas tosaigh 1 Eanáir [a] | (54,861) | (53,990) |
| Cinneadh | (16,471,023) | (15,221,624) |
| Deontais eisithe | 16,471,894 | 15,220,753 |
| Dliteanas deiridh 31 Nollaig | **(53,990)** | **(54,861)** |

Nóta [a] Tá an figiúr comparáideach coigeartaithe chun féichiúnaí ioncaim FSS a léiriú.

Tháinig iarmhéid €54.8 milliún chun cinn ar dtús ag deireadh 2015 nuair a d’iarr FSS ar chuideachtaí árachais a gcuid íocaíochtaí airgid a luathú chun sreabhadh airgid a fheabhsú agus an t-am idir an tseirbhís a sholáthraítear agus an íocaíocht a fháil a laghdú. Mar thoradh ar na híocaíochtaí seo bhí sealúchais airgid bhreise ag FSS ag deireadh 2015 agus theastaigh maoiniú níos ísle ó FSS ón Státchiste sa bhliain ná mar a bheadh i gcás an leibhéal caiteachais cheadaithe céanna. Tá seachaint an iomarca maoinithe ón Státchiste a sholáthar ar aon dul le *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí*.

Ba é an figiúr de €54.8 milliún an difríocht idir leibhéal an chaiteachais, mar a cheadaigh an tAire, agus leibhéal an mhaoinithe vótáilte a fuair FSS in 2015. Tugadh ar aghaidh é sin go dtí na blianta ina dhiaidh sin. Gach bliain, measann an Roinn go raibh baint ag an gcéad €54 milliún a íocadh sa bhliain leis an bhféichiúnaí ag deireadh na bliana roimhe sin.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

Tugtar míniú thíos i gcás gach fotheideal caiteachais nuair a d'athraigh an toradh ón soláthar meastacháin bunaidh níos mó ná €100,000, agus níos mó ná 5% (25% i gcásanna áirithe d'fhotheidil riaracháin). Íocadh an ró-chaiteachas ar roinnt fotheideal trí aistriú coigilteas ar fhotheidil eile.

## Caiteachas Riaracháin

**A.4 Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin: €450,000, toradh: €229,000*

Tharla an gannchaiteachas de €221,000 ar chaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide mar gheall ar chinneadh gan an tseirbhís teileafónaíochta (€159,000) a chur amach ar chonradh a thuilleadh agus laghdú ar chostais a bhaineann leis an líonra teileafóin san áitreabh oifige nua (€62,000).

**A.6 Speansais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin: €754,000, toradh: €1.094 milliún*

Tharla an róchaiteachas de €340,000 ar chaiteachas ar áitribh oifige mar gheall ar iarmhéid 2018 de €445,000 nár tarraingíodh anuas le híoc ag OOP go dtí 2019.

**A.7 Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin: €1.5 milliún, toradh: €910,000*

Tharla an gannchaiteachas de €590,000 ar chaiteachas ar sheirbhísí comhairleachta mar gheall ar chinntí bainistíochta ceaduithe a chur siar d'fhonn cabhrú le brúnna caiteachais in áiteanna eile sa Vóta agus moilleanna maidir le tús a chur le roinnt tionscadal.

## Deontais do Ghníomhaireachtaí

**B.2 Ciste Éire Shláintiúil**

*Soláthar meastacháin: €5 milliún, toradh: €6.186 milliún*

In 2019, cuireadh €1 milliún breise ar an bhfotheideal seo ó E.1 d'fhonn an maoiniú atá ar fáil a mhéadú. Bhí an caiteachas €1.186 milliún níos mó ná mar a cuireadh ar fáil ar dtús toisc go raibh na suimeanna breise seo á soláthar. Íocadh €4.716 milliún le Ciste Éire Shláintiúil, arna riar ag Pobal, chun iliomad tionscadal ar fud na tíre a mhaoiniú. Íocadh €615,000 le tionscadail Chiste Éire Shláintiúil trí Spórt Éireann. Bhain an caiteachas eile go príomha le fógraíocht.

**B.3 Tionscnamh Drugaí**

*Soláthar meastacháin: €6.987 milliún, toradh: €5.955 milliún*

Tharla an gannchaiteachas de €1.032 milliún go príomha mar gheall ar roinnt tionscnamh pleanáilte a chur siar. Bhí gannchaiteachas freisin ar thascfhórsaí drugaí áitiúla agus réigiúnacha i rith na bliana (€65,975).

## Seirbhísí eile

**D. Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin: €9.6 milliún, toradh: €29.722 milliún*

Bhí an caiteachas €20.122 milliún níos airde ná mar a fhoráiltear dó sa mheastachán. Tharla seo den chuid is mó mar gheall ar

- chaiteachas i ndáil le héilimh a bhí €16 milliún níos airde ná mar a bhí réamh-mheasta mar gheall ar thabhairt chun críche líon beag éileamh mór in 2019, agus
- íocaíochtaí de €4.349 milliún a d'eascair as fiosrúcháin *CervicalCheck* nár foráladh dóibh sa mheastachán bunaidh (lena n-áirítear 165 íocaíocht de €20,000 faoin scéim ex-gratia *CervicalCheck*). Bhunaigh an Rialtas an scéim ex-gratia i Márta 2019 tar éis na meastacháin athbhreithnithe a fhoilsiú.

**E.1 Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha**

*Soláthar meastacháin: €78.514 milliún, toradh: €64.618 milliún*

Ar an iomlán, bhí caiteachas sa réimse seo €13.896 milliún níos lú ná mar a fhoráiltear dó sa mheastachán. Cuireann an Roinn cistí ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí sláinte suas go leibhéal ceadaithe caiteachais nó caiteachais iarbhír, cibé acu is lú. Ba iad seo a leanas príomh-mhíreanna an ghannchaiteachais:

- Soláthraíodh €5 mhilliún ar dtús chun scéim reachtúil a thabhairt isteach le haghaidh pacáiste tacaíochtaí do mharthanóirí Tailidimíde. Níor tarraingíodh aon mhaoiniú toisc nár achtaíodh reachtaíocht go fóill
- €4.22 milliún a soláthraíodh i dtosach do thionscadail nó do chláir áirithe nár tarraingíodh anuas in 2019
- €2.015 milliún chun costais fhorbartha aonuaire a mhaoiniú a bhaineann le hobair bhreise ag Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann maidir le cur chun feidhme iomlán an Achta Altraí agus Cnáimhseacha 2011. Tarraingíodh anuas €349,000 den mhaoiniú seo in 2019 agus cuireadh na tionscadail eile ar athló go dtí 2020.

**E.2 An Bord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia**

*Soláthar meastacháin: €5.691 milliún, toradh: €5.386 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €305,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc go bhfuil maoiniú faoi réir maoiniú comhoiriúnaithe iomchuí a bheith á sholáthar ag Roinn Sláinte Thuaisceart Éireann (*DOHNI*). Níorbh fhéidir le *DOHNI* an chuid dheireanach den mhaoiniú comhoiriúnaithe seo a dhearbhú roimh dheireadh na bliana, agus mar sin coinníodh an maoiniú a bhí fágtha ar ais.

**E.4 *INTERREG* Éire / Tuaisceart Éireann**

*Soláthar meastacháin: €1 milliún, toradh: €2.148 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €1.148 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc go n-iarrann Comhlacht Cláir Speisialta an AE íocaíochtaí faoin bhfotheideal seo bunaithe ar íocaíochtaí iarbhír a dhéantar le tionscadail faoin scéim seo. Mar gheall ar chineál an chláir *INTERREG* d'fhéadfadh go mbeadh uainiú na n-iarratas ar mhaoiniú tionscadail dothuartha go háirithe má tá ceisteanna le réiteach sa phróiseas fíoraithe.

**F.1 Íocaíochtaí i leith míchumais de bharr Tailidimíde**

*Soláthar meastacháin: €745,000, toradh: €439,000*

Tharla an t-easnamh toisc nár tugadh an próiseas idirghabhála i gcrích agus nár tharla costais €306,000 dá bhforáiltear sa mheastachán.

**F.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 d'Achtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002**

*Soláthar meastacháin: €22.086 milliún, toradh: €16.023 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €6.063 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall gur tháinig laghdú ar líon na ndámhachtainí ag an mBinse in 2019. Níl an Roinn in ann líon nó luach na ndámhachtainí a dhéanann an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID, atá neamhspleách ar an Roinn, a thuar go beacht.

**F.4 Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 d'Achtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002**

*Soláthar meastacháin: €3.549 milliún, toradh: €1.721 milliún*

Foráiltear le halt 11 den Acht go n-íocfar méideanna in ionad éilitheoirí a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó tairiscint socraíochta. Mar a leagtar amach in F.3, bhí líon na ndámhachtainí ag an mbinse in 2019 níos ísle ná mar a bhí buiséadaithe. Mar thoradh air sin, bhí íocaíochtaí ón gciste cúitimh níos ísle ná mar a bhí buiséadaithe.

**G. Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a leathadh maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte**

*Soláthar meastacháin: €1.5 milliún, toradh: €1.773 milliún*

Tharla an róchaiteachas de chaiteachas de €273,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar íocaíochtaí áirithe do shuirbhéanna ar Éire Sláintiúil a tháinig chun cinn níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil.

**H. *Sláintecare***

*Soláthar meastacháin: €23.5 milliún, toradh: €11.013 milliún*

Tharla an t-easnamh i gcaiteachas de €12.487 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar scála na n-iarratas a fuarthas ar thacaíocht ciste comhtháthaithe agus an aga moille ar thosú dámhachtainí rathúla tionscadail a chuir moill ar dheonú maoinithe in 2019. Bhí tionchar ag moilleanna earcaíochta ar chostais phárolla agus chomhairleoireachta.

## Riarachán Corparáideach (FSS)

**I. Glanchostais phinsin**

*Soláthar meastacháin: €490 milliún, toradh: €536.452 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €46.452 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar scála na gcostas pinsin agus an líon scoir a bhí deacair a thuar le cinnteacht. Áiríodh leis an méadú freisin éifeacht easnamh FSS 2018. Baineadh an róchaiteachas amach trí aistrithe ó fhotheidil eile.

## Seirbhísí FSS eile

**K.1 Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirt-mhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)**

*Soláthar meastacháin: €7.513 milliún, toradh: €1.879 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €5.634 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nár íocadh na deontais go dtí go gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Tarlaíonn moilleanna mar gheall ar riachtanais faisnéise gan íoc mar dheimhnithe imréitigh cánach agus luachaintí .

**K.2 Íocaíochtaí leis an gCuntas Speisialta - An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006**

*Soláthar meastacháin: €2 mhilliún, toradh: €501,000*

Tharla an t-easnamh i gcaiteachas de €1.499 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chineál na n-íocaíochtaí faoin bhfotheideal seo sa chaoi go bhféadfadh uainiú na n-iarratas ar mhaoiniú a bheith dothuartha, go háirithe má tá ceisteanna le réiteach sa phróiseas fíoraithe, agus dá bhrí sin féadfar uainiú na n-íocaíochtaí a athrú. Mar gheall ar nádúr reachtúil na Scéime, caithfidh an Stát na dliteanais a eascraíonn faoin Scéim a chomhlíonadh agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfanfaidh maoiniú don Scéim san fhotheideal ábhartha chun dliteanais deiridh a chomhlíonadh.

**K.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndail le Heipitíteas C (Leasú) 2006 - Scéim Árachais**

*Soláthar meastacháin: €1.5 milliún, toradh: €620,000*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €880,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc gur próiseas gar-bhreithiúnach é seo bunaithe ar éilimh a taisceadh agus tá éagsúlacht mhór i nádúr na n-éileamh agus na n-íocaíochtaí ó bhliain go bliain.

**K.4 Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát**

*Soláthar meastacháin: €360 milliún, toradh: €390 milliún*

Ba é an soláthar do na híocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (*SCA*) in 2019 ná €360 milliún. Léiríonn an athraitheas nádúr na scéime *SCA* agus is deacair leibhéal na socraíochtaí agus na ndámhachtainí cúirte a thuar.

**K.5 Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)**

*Soláthar meastacháin: €2.7 milliún, toradh: €2.45 milliún*

Bhí an caiteachas €250,000 níos lú ná mar a soláthraíodh i dtosach mar gheall ar mhaoiniú caipitil €250,000 a leithdháileadh ar dtús san fhotheideal seo á úsáid ag Éire Shláintiúil i bhfotheideal B.2.

## Clár Cúraim

**L.1 Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil**

*Soláthar meastacháin: €2,990.888 milliún, toradh: €3,150.774 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €159.886 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar róchaiteachas de €80 milliún chun an t-éileamh méadaithe ar an scéim tinnis fadtéarmach agus drugaí ardteicneolaíochta a mhaoiniú. Bhí gá le €77 milliún eile chun an t-easnamh a tháinig isteach ó 2018 faoi na scéimeanna seo a mhaoiniú. Comhlíonadh an róchaiteachas trí mheastachán forlíontach.

## Seirbhísí Caipitil

**M.1 Deontais maidir le tógáil, trealmhú (TFC san áireamh)**

*Soláthar meastacháin: €14.527 milliún, toradh: €10.924 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €3.603 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó mar gheall gur cuireadh líon beag tionscadal caipitil TFC do ghníomhaireachtaí atá maoinithe go díreach siar go 2020.

**M.2 Áiseanna sláinte agus áiseanna ardoideachais a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú**

*Soláthar meastacháin: €639.461 milliún, toradh: €593.423 milliún*

B'ionann an t-easnamh sa chaiteachas in 2019 agus €46.038 milliún a bhain le riachtanais sreabhadh airgid mórthionscadal.

Bhí caiteachas caipitil nua Ospidéal na Leanaí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis in 2019. Aontaíodh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go dtabharfaí €30 milliún ar aghaidh go 2020 maidir le costas an tionscadail in 2020. Aistríodh an €16.038 milliún eile chun freastal ar riachtanais mhaoinithe neamhchaipitil in FSS in 2019.

**M.3 Áiseanna sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú (páirt-mhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)**

*Soláthar meastacháin: €2.539 mhilliún, toradh: €0*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €2.539 milliún i gcoibhneas leis an meastachán mar gheall ar chaiteachas níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis ar an Ospidéal Leanaí nua.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gCabhair

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Costas na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil | | | | |
| | *Bunaidh* | 224,779 | | | |
| | *Forlíontach* | 45,000 | | | |
| | | | 269,779 | 270,000 | 270,000 |
| 2 | Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac | | 167,605 | 167,605 | 167,605 |
| 3 | Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftailmeacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh | | 3,000 | 5,530 | 2,214 |
| 4 | Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh | | 3,000 | 3,122 | 4,372 |
| 5 | Fáltais ilghnéitheacha | | 1 | 1,015 | 284 |
| 6 | Cuntais dhíomhaoine | | 2,700 | 2,700 | 2,619 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | | 3,915 | 3,886 | 5,254 |
| 8 | Fáltas caipitil ón Roinn Oideachais agus Scileanna | | 10,000 | 10,000 | — |
| | **Iomlán** | | **460,000** | **463,858** | **452,348** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ina n-ionad ón 1 Eanáir 2019.

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €48.858 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar athraithis leagtha amach thíos:

**1 Costas na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil**

*Meastachán: €224.779 milliún, réadaithe: €270 milliún*

B'ionann an méid a gnóthaíodh faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh agus €45.221 milliún níos mó ná mar a rabhthas ag súil leis. Déantar an méid a fhaightear a chaibidliú i rith na bliana agus níltear cinnte cad é an méid a gheofar sula ndéanfar idirbheartaíocht i rith na bliana.

**3 Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftailmeacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh**

*Meastachán: €3 mhilliún, réadaithe: €5.530 milliún*

Tharla an méadú de €2.53 milliún toisc go raibh sé deacair éilimh faoin scéim seirbhísí oftailmeacha a thuar. Tá moill ama ar infhaighteacht faisnéise ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar leibhéal na n-éileamh a thagann chun cinn.

**5 Fáltais ilghnéitheacha**

*Meastachán: €1,000, réadaithe: €1.015 milliún*

Tharla an méadú de €1.014 milliún toisc go raibh sé deacair na suimeanna a bhí dlite in aon bhliain a thuar. Tá méid ainmniúil €1,000 san áireamh sa mheastachán. Is éard a bhí sna fáltais do 2019 fáltais ó Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, fáltais ar tháillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí agus Táillí um Shaoráil Faisnéise.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | — | 16 |
| Bailithe | 50 | 33 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (50) | (49) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | — | — |

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 521 | 475 |
| Fostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 76,905 | 76,370 |
| Fostaithe deonacha (Alt 38) seirbhísí géarmhíochaine agus neamh-ghéarmhíochaine | 42,912 | 41,486 |
| Gníomhaireachtaí eile [a] | 1,753 | 1,655 |
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** | **122,091** | **119,986** |

Nóta [a] Cuimsíonn 'gníomhaireachtaí eile' gach gníomhaireacht a oibríonn faoi choimirce na Roinne lena n-áirítear iad siúd nach bhfaigheann maoiniú díreach ón Státchiste.

## 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 30,045 | 27,939 |
| Liúntas dualgas níos airde, speisialta nó breise | 205 | 185 |
| Liúntais eile | 10 | 1 |
| Ragobair | 115 | 128 |
| PRSI an Fhostóra | 2,137 | 1,830 |
| **Pá iomlán** [a] | **32,512** | **30,083** |

Nóta [a] An figiúr pá iomlán mar atá i bhfotheideal A.1 agus H.

**Luach saothair Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 3,803,874 | 3,624,693 |
| Liúntas dualgas níos airde, speisialta nó breise | 449,759 | 415,105 |
| Riaráistí | 39,430 | (47,121) |
| Ragobair | 187,752 | 179,886 |
| ÁSPC Fostóirí | 429,071 | 391,956 |
| Aoisliúntas | 747,476 | 727,508 |
| Pá iomlán fhostaithe díreacha Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte | 5,657,362 | 5,292,027 |
| Pá gníomhaireachta | 349,447 | 330,748 |
| **Pá iomlán** [a] | **6,006,809** | **5,622,775** |

Nóta [a] Ní chuimsíonn na costais phá thuas fostaithe san earnáil dheonach.

**Luach saothair gníomhaireachtaí eile[a]**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 55,919 | 50,397 |
| Liúntas dualgas níos airde, speisialta nó breise | 114 | 133 |
| Liúntais eile | 103 | 97 |
| Ragobair | 20 | 26 |
| PRSI an Fhostóra | 5,604 | 4,883 |
| **Pá iomlán** | **61,760** | **55,536** |

Nóta [a] Cuimsíonn gníomhaireachtaí eile gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2019** | **2018** |
| | | | **€** | **€** |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntas dualgas níos airde, speisialta nó breise | 18 | 11 | 27,368 | 28,969 |
| Liúntais eile | 10 | — | 1,855 | 225 |
| Ragobair | 53 | 3 | 19,541 | 18,839 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 5 | 3 | 23,847 | 22,856 |
| **Foireann gníomhaireachtaí eile [a]** | | | | |
| Liúntas dualgas níos airde, speisialta nó breise | 41 | — | 9,296 | 16,905 |
| Liúntais eile | 21 | — | 6,351 | 6,096 |
| Ragobair | 24 | — | 3,389 | 9,156 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — | — |

Nóta [a] Cuimsíonn gníomhaireachtaí eile gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## 5.4 Socruithe luacha saothair eile

Rinneadh státseirbhíseach amháin a fuair pinsean státseirbhíse, nár fhóin sa Roinn seo roimhe seo, a athfhostú ar bhonn táille in 2019.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 29 | 93,652 | 34,959 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 9 | 38,728 | 8,650 |

Aistríodh plean aisghabhála ró-íocaíochta amháin, i leith duine aonair amháin, ar luach €449 chuig Roinn eile sa bhliain.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh 2019 | Caiteachas in 2019 | Caiteachas in 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Coimisiún Imscrúdaithe (Ábhair áirithe a bhaineann le seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara) | 2017 | 3,674 | 1,583 | 1,569 |
| Fiosrúchán Scóipe ar an gClár Scagthástála *CervicalCheck* | 2018 | 1,991 | 958 | 1,033 |
| | | **5,665** | **2,541** | **2,602** |

Rinne Alt 3 den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004 foráil maidir le coimisiún a bhunú chun imscrúdú a dhéanamh ar na hábhair a shonraítear in Airteagal 3(a) den Acht agus chun aon tuarascálacha a dhéanamh a cheanglaítear faoin Acht sin i ndáil lena imscrúdú. I mí an Mhárta 2017, rinneadh cinneadh coimisiún imscrúdaithe a bhunú maidir le hábhair áirithe a bhaineann le seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus le hábhair ghaolmhara. Gearrtar caiteachas an Choimisiúin ar Fhotheideal D - fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus speansais dlí ilghnéitheacha.

### 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Roinn** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Costais dlí dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó bhaill an phobail** | | | | | | |
| Dámh-achtainí agus soc-raíochtaí éilimh | 49 | 655 | 22,474 | 634 | 23,763 | 6,142 |
| **Iomlán** | **49** | **655** | **22,474** | **634** | **23,763** | **6,142** |

## 6.3 Ciste Infheistíochta Obstatraice Speisialta

In 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Scéim Slánaíochta Obstatraice Speisialta. Faoin scéim, d'aontaigh an tAire Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Mount Carmel a shlánú i leith éileamh obstatraice sonraithe. Bunaíodh ciste le ranníocaíochtaí ón dá ospidéal, an Cumann Cosanta Leighis agus an Roinn Sláinte. Íocann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát éilimh de réir mar a thagann siad chun cinn. Thug an tAire Sláinte údarás don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas ón gciste chun costas na n-éileamh a chlúdach.

Amhail an 31 Nollaig 2019, b'ionann an t-iarmhéid ar an gciste agus €4.951 milliún (2018: € 4.62 milliún). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | 2019 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| **Fo-cheann** | **€000** | **€000** | **€000** |
| K.1 Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirt-mhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 7,513 | 1,879 | — |
| | **7,513** | **1,879** | **—** |

## 6.5 Maoiniú AE

Déanann an AE comhmhaoiniú ar chaiteachas faoi fhotheideal E.4.

## 6.6 Íocaíochtaí úis déanacha agus íocaíochtaí cúitimh

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh | 3 | 5 |

## Aguisín A Cuntais chomhlachtaí agus chistí faoi choimirce na Roinne Sláinte

Liostaíonn an tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí faoi choimirce na Roinne ina bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, amhail dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste comhlachta/roinne | Tréimhse chuntas-aíochta dheiridh | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta faighte ag an Aire/Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais [a] |
|---|---|---|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 2019 | 14 Bealtaine 2020 | 15 Bealtaine 2020 | 5 Meitheamh 2020 |
| Ospidéal Beaumont | 2018 | 10 Nollaig 2019 | 2 Eanáir 2020 | 5 Feabhra 2020 |
| Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath | 2018 | 11 Samhain 2019 | 14 Samhain 2019 | 28 Samhain 2019 |
| Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar | 2018 | 16 Nollaig 2019 | 6 Eanáir 2020 | 28 Eanáir 2020 |
| Ospidéal San Séamas | 2018 | 7 Deireadh Fómhair 2019 | 17 Deireadh Fómhair 2019 | 30 Deireadh Fómhair 2019 |
| Bord Forbartha an Ospidéil Phéidiatraigh Náisiúnta | 2018 | 24 Deireadh Fómhair 2019 | 20 Samhain 2019 | 29 Samhain 2019 |
| An Chomhairle Náisiúnta Haemaifilia | 2018 | 28 Meitheamh 2019 | 10 Iúil 2019 | 22 Lúnasa 2019 |
| An Bord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia | 2018 | 31 Deireadh Fómhair 2019 | 6 Nollaig 2019 | 10 Nollaig 2019 |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | 2018 | 27 Meitheamh 2019 | 3 Iúil 2019 | 4 Iúil 2019 |
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte | 2019 | 24 Aibreán 2020 | 13 Bealtaine 2020 | 26 Bealtaine 2020 |
| An Bord Taighde Sláinte | 2018 | 30 Meán Fómhair 2019 | 13 Samhain 2019 | 15 Samhain 2019 |
| Comhairle Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (*CORU*) | 2018 | 15 Samhain 2019 | 27 Samhain 2019 | 5 Nollaig 2019 |
| Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann | 2018 | 24 Meitheamh 2019 | 26 Meitheamh 2019 | 3 Iúil 2019 |
| Údarás Rialála Táirgí Sláinte | 2018 | 26 Meitheamh 2019 | 28 Meitheamh 2019 | 19 Meán Fómhair 2019 |
| An Coimisiún Meabhairshláinte | 2018 | 1 Deireadh Fómhair 2019 | 3 Deireadh Fómhair 2019 | 16 Deireadh Fómhair 2019 |
| An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse | 2018 | 14 Lúnasa 2019 | 21 Lúnasa 2019 | 28 Lúnasa 2019 |
| An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil | 2018 | 24 Nollaig 2019 | 5 Feabhra 2020 | 13 Márta 2020 |
| An tÚdarás Árachais Sláinte | 2018 | 26 Meitheamh 2019 | 15 Iúil 2019 | 19 Meán Fómhair 2019 |
| Ciste Comhionannaithe Riosca | 2018 | 26 Meitheamh 2019 | 15 Iúil 2019 | 19 Meán Fómhair 2019 |
| Bord Altranais agus Cnáimhseachais | 2018 | 20 Nollaig 2019 | 2 Márta 2020 | 16 Márta 2020 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Comhairle na nDochtúirí Leighis | 2018 | 21 Bealtaine 2019 | 8 Iúil 2019 | 26 Lúnasa 2019 |
| Cumann Cógaiseoirí na hÉireann [b] | 2018 | 21 Márta 2019 | 29 Bealtaine 2019 | 6 Meitheamh 2019 |
| Comhairle Fiaclóireachta [b] | 2018 | 8 Márta 2019 | 28 Márta 2019 | 16 Aibreán 2019 |
| An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | 2018 | 23 Nollaig 2019 | 16 Eanáir 2020 | 24 Márta 2020 |
| Maoin Phríobháideach Othar Comhdhlúite | 2018 | 7 Feabhra 2020 | 26 Feabhra 2020 | 7 Aibreán 2020 |
| Scéim Aisíocaíochtaí Sláinte (Ciste Síntiús) | 2018 | 31 Eanáir 2020 | 26 Feabhra 2020 | 27 Márta 2020 |
| Scéim um Chuntas Speisialta d'Aisíocaíochtaí Sláinte | 2018 | 31 Eanáir 2020 | 26 Feabhra 2020 | 27 Márta 2020 |
| Hep C - Scéim Árachais | 2018 | 31 Eanáir 2020 | 23 Aibreán 2020 | 13 Lúnasa 2020 |

Nótaí

[a] Leagtar na cuntais iniúchta os comhair Theach an Oireachtais de réir na reachtaíochta faoinar bunaíodh iad.

[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ráitis airgeadais na gcomhlachtaí Stáit seo.